



# ELeathanach 424



Dé Luain, an 21 Samhain 2022

## Cocci an cat: trí mhí dhéag ar iarraidh

Ní fhaca aon duine Cocci ó mhí Lúnasa 2021 sa bhaile sa Fhrainc.

Bhí an teaghlach go hiomlán croíbhriste nuair nár tháinig Cocci abhaile. Chaith siad trí mhí iomlána ag lorg Cocci gan tásca ná tuairisc ar an gcat.

Ach i mí na Samhna an bhliain seo, chonaic Laetita, duine den teaghlach, fógra ar Facebook faoi chat a bhí an-chosúil le Cocci a fuarthas níos mó na 280 míle óna dteach. Cocci a bhí ann!

Bhí an teaghlach ar mhuintir na muice a bpeata a fháil ar ais. Is léir go mbíonn naoi saol go cait!



## "Draíocht an tSaoil": soilse iontacha sa chathair arís

Tá an Nollaig ag teacht, dá bhrí sin, tapaíge an deis freastal ar an ócáid iontach seo.

Taispeántas soilse atá i gceist. Is í "Draíocht an tSaoil" téama na bliana seo. Bhí taispeántas draíochtúil acu anuraidh a chuir gliondar inár gcroí agus beidh an bhliain seo speisialta gan amhras.

Tá an bhéim ar an mbithéagsúlacht i mbliana agus i measc na soilse tá beacha agus féileacáin ann.

Cosnóidh na ticéid trí euro is fiche do dhaoine fásta, naoi euro déag do pháistí agus beidh siad saor in aisce do leanaí faoi trí bliana d'aois.

Tá an taispeántas ar siúl ón Máirt go dtí an Domhnach, idir 5 i.n. agus 9 i.n. istoíche, ó mhí na Samhna go dtí an 9 Eanáir.



## Madra sna póilíní i Sasana!

I mí Eanáir chonaic duine den phobal cliathbhosca miotail ag taobh an bhóthair agus bhí 6 choileán óg istigh ann. Tháinig an RSPCA chun na madraí óga seo a bhailiú.

Is spáinnéar feá é Chester, ceann de na madraí a bhí sa chliathbhosca miotail.

Fuair Chester an dara seans. Ghlac póilíní Surrey isteach é agus chuir siad tús leis an bpróiseas mar mhadra bolaíochta. Is cosúil go bhfuil sé an-mhaith ag aimsiú rudaí ón mboladh.

Chaith Chester míonna le teaghlach altrama speisialta ag traenáil don ról seo. Don chéim dheireanach, thosaigh sé ag obair lena láimhseálaí. Anois tá sé ag obair leis na póilíní in Surrey. Maith thú Chester!



Tá **boladh** deas ón mbláth!